2025/891

21.5.2025

Ní bhíonn éifeacht dhlíthiúil ach ag téacsanna bunaidh CEE-NA faoin dlí poiblí idirnáisiúnta. Ba cheart stádas agus dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo a sheiceáil sa leagan is déanaí de dhoiciméad stádais CEE-NA TRANS/WP.29/343 doiciméad atá ar fáil ag: https://unece.org/status-1958-agreement-and-annexed-regulations

Rialachán Uimh. 125 ó na Náisiúin Aontaithe - Forálacha aonfhoirmeacha maidir le ceadú mótarfheithiclí i ndáil le réimse radhairc chun tosaigh thiománaí na mótarfheithicle [2025/891]

Ionchorpraítear gach téacs bailí go dtí:

Sraith leasuithe 03 – Dáta teacht i bhfeidhm: An 17 Bealtaine 2025

Is áis doiciméadúcháin amháin an doiciméad seo. Is iad seo a leanas na téacsanna atá barántúil agus ceangailteach ó thaobh dlí de:

ECE/TRANS/WP.29/2016/15

ECE/TRANS/WP.29/2021/22

ECE/TRANS/WP.29/2021/100

ECE/TRANS/WP.29/2022/24

ECE/TRANS/WP.29/2022/122

ECE/TRANS/WP.29/2023/22 (arna leasú le mír 92 de thuarascáil ECE/TRANS/WP.29/1171

ECE/TRANS/WP.29/2024/97

CLÁR

Rialachán

1. Raon feidhme
2. Sainmhínithe chun críoch an Rialacháin seo
3. Iarratas ar cheadú
4. Ceadú
5. Sonraíochtaí
6. Nós imeachta tástála
7. An cineál feithicle a mhodhnú agus síneadh a chur leis an gceadú
8. Comhréireacht táirgeachta
9. Pionóis mar gheall ar neamh-chomhréireacht táirgeachta
10. Scor cinntitheach den táirgeadh
11. Ainmneacha agus seoltaí na Seirbhísí Teicniúla atá freagrach as tástálacha ceadaithe a dhéanamh, agus ainmneacha agus seoltaí na nÚdarás Cineálcheadaithe
12. Forálacha idirthréimhseacha

IARSCRÍBHINNÍ

1 Cumarsáid

2 Leagan amach marcanna ceadaithe

3 An nós imeachta chun pointe an chromáin agus uillinn chabhlach iarbhír na n-ionad suí i mótarfheithiclí a chinneadh

Foscríbhinn 1: Tuairisc ar ghléas trí thoise phointe an chromáin

Foscríbhinn 2: Córas tagartha tríthoiseach

Foscríbhinn 3: Sonraí tagartha maidir le hionaid suí

4 An modh chun na gaolmhaireachtaí toiseacha idir príomhmharcanna tagartha na feithicle agus an eangach tagartha thríthoiseach a chinneadh

Foscríbhinn

1. Raon feidhme

1.1. Tá feidhm ag an Rialachán seo ó na Náisiúin Aontaithe maidir le réimse radhairc chun tosaigh 180° na dtiománaithe i bhfeithiclí chatagóir M_1 agus N_1 ([1]).

1.2. Is é is cuspóir dó réimse radhairc leormhaith a áirithiú nuair a bhíonn an gaothscáth agus dromchlaí gloinithe eile tirim agus glan.

1.3. Is amhlaidh atá foclaíocht cheanglais an Rialacháin seo ó na Náisiúin Aontaithe ionas go mbeidh feidhm acu maidir le feithiclí de chatagóir M_1 agus N_1 ina bhfuil an tiománaí ar chlé. I gcás feithiclí de chatagóir M_1 agus N_1 ina bhfuil an tiománaí ar dheis, cuirfear na ceanglais sin i bhfeidhm trí na critéir a aisiompú, nuair is iomchuí.

2. Sainmhínithe chun críoch an Rialacháin seo

2.1. Ciallaíonn '*cineál feithicle a cheadú*' an nós imeachta iomlán trína ndeimhníonn Páirtí Conarthach sa Chomhaontú go gcomhlíonann cineál feithicle ceanglais theicniúla an Rialacháin seo.

2.2. Ciallaíonn '*cineál feithicle maidir leis an réimse radhairc*' feithiclí nach bhfuil éagsúil le chéile maidir le gnéithe bunúsacha amhail iad seo a leanas:

2.2.1. Na foirmeacha seachtracha agus inmheánacha agus an leagan amach laistigh den limistéar a shonraítear i mír 1 thuas a d'fhéadfadh difear a dhéanamh don infheictheacht; agus

2.2.2. Cruth agus toisí an ghaothscátha agus a ghléasta.

2.3. Ciallaíonn '*eangach thagartha thríthoiseach*' córas tagartha arb é atá ann fadphlána ingearach X-Z, plána cothrománach X-Y agus trasphlána ingearach Y-Z; úsáidtear an eangach chun na gaolmhaireachtaí toiseacha idir suíomh na bpointí deartha ar líníochtaí agus a suíomhanna ar an bhfeithicil iarbhír a chinneadh. Sonraítear an nós imeachta chun an fheithicil a shuí i gcoibhneas leis an eangach in Aguisín 6 de Rún Frithpháirteach Uimh. 1 (M.R.1) ([2]); beidh na comhordanáidí uile dá dtagraítear i dtalamh nialais bunaithe ar fheithicil in ord reatha[2] móide paisinéir suíocháin tosaigh amháin, agus is é 75 kg ± 1 faoin gcéad mais an phaisinéara.

2.3.1. Feithiclí a bhfuil crochadh feistithe orthu ionas gur féidir a scóip ón talamh a choigeartú, déanfar iad a thástáil faoi na gnáthdhálaí úsáide arna sonrú ag monaróir na feithicle.

2.4. Ciallaíonn '*príomh-mharcanna tagartha*' poill, dromchlaí, marcanna agus comharthaí aitheantais ar chabhail na feithicle. Sonróidh monaróir na feithicle an cineál marc tagartha a úsáidtear agus suíomh gach mairc i gcoibhneas le comhordanáidí X, Y agus Z na heangaí tagartha tríthoiseaí agus le plána talún deartha. D'fhéadfadh sé gurb iad na marcanna sin na pointí rialaithe a úsáidtear chun críoch cóimeála coirp.

2.5. Ciallaíonn '*uillinn cúil suíocháin*' an uillinn a shainmhínítear in Aguisín 6 de Rún Frithpháirteach Uimh. 1 (M.R.1) mír 1.2.6. nó mír 1.2.7.

2.6. Ciallaíonn '*uillinn iarbhír chúl an tsuíocháin*' an uillinn a shainmhínítear in Aguisín 6 de M.R.1, mír 1.2.6.

2.7. Ciallaíonn '*dearadh uillinn chúl an tsuíocháin*' an uillinn a shainmhínítear in Aguisín 6 de M.R.1, mír 1.2.7.

([1]) Mar a shainmhínítear sa Rún Comhdhlúite maidir le Déanamh Feithiclí (R.E.3.), doiciméad ECE/TRANS/WP.29/78/Rev.6, mír 2. - https://unece.org/transport/vehicle-regulations/wp29/resolutions.

([2]) Aguisín 6 a ghabhann le Rún Frithpháirteach Uimh. 1 (M.R.1) (doiciméad ECE/TRANS/WP.29/1101/Amend.5); féach https://unece.org/transport/vehicle-regulations/wp29/resolutions.

2.8. Ciallaíonn '*pointí V*' pointí a gcinntear a suíomh san urrann paisinéirí mar fheidhm d'fhadphlánaí ingearacha a théann trí lárionaid na n-ionad suí ainmnithe is forimeallaí ar an suíochán tosaigh agus i ndáil leis an bpointe tagartha suí agus dearadh uillinn chúl an tsuíocháin, ar pointí iad a úsáidtear chun comhlíonadh na gceanglas maidir le réimse radhairc a fhíorú.

2.9. Ciallaíonn '*pointe tagartha suí*' an pointe a shainmhínítear in Aguisín 6 de M.R.1, mír 1.2.4.

2.10. Ciallaíonn '*pointe an chromáin*' an pointe a shainmhínítear in Aguisín 6 de M.R.1, mír 1.2.3.

2.11. Ciallaíonn '*pointí tagra gaothscátha*' pointí atá suite ag trasnú an ghaothscátha leis na línte a ghathaíonn chun tosaigh ó phointí V go dromchla seachtrach an ghaothscátha.

2.12. Ciallaíonn '*feithicil armúrtha*' feithicil atá ceaptha chun paisinéirí agus/nó earraí atá á n-iompar a chosaint agus a chomhlíonann na ceanglais maidir le plátáil armúrtha frithphiléar.

2.13. Ciallaíonn '*limistéar trédhearcach*' an t-achar sin de ghaothscáth feithicle nó de dhromchla gloinithe eile nach lú ná 70 faoin gcéad an t-achar dá tharchur solais arna thomhas ar dronuillinn chuig an dromchla. I gcás feithiclí armúrtha, ní lú ná 60 faoin gcéad an fachtóir tarchuir solais.

2.14. Ciallaíonn '*pointí P*' na pointí a rothlaíonn ceann an tiománaí fúthu nuair a bhreathnaíonn sé ar réada ar phlána cothrománach ar leibhéal na súl.

2.15. Ciallaíonn '*pointí E*' pointí a léiríonn láir shúile an tiománaí agus a úsáidtear chun measúnú a dhéanamh ar a mhéid a dhéanann A-philéir an réimse radhairc a cheilt.

2.16. Ciallaíonn '*A-philéar*' aon taca dín atá chun tosaigh ar an trasphlána ingearach atá suite 68 mm os comhair phointí V agus áirítear leis míreanna neamh-thrédhearcacha amhail múnlaí gaothscátha agus frámaí dorais, atá ceangailte de thaca den sórt sin nó atá tadhlach leis.

2.17. Ciallaíonn '*raon cothrománach coigeartaithe suíocháin*' an raon gnáthshuíomhanna tiomána atá ainmnithe ag monaróir na feithicle chun suíochán an tiománaí a choigeartú i dtreo ais X (féach mír 2.3. thuas).

2.18. Ciallaíonn '*raon leathnaithe coigeartaithe suíocháin*' an raon atá ainmnithe ag monaróir na feithicle chun an suíochán a choigeartú i dtreo ais X (féach mír 2.3. thuas) thar an raon gnáthshuíomhanna tiomána a shonraítear i mír 2.17. thuas agus a úsáidtear chun suíocháin a thiontú ina leapacha nó chun dul isteach san fheithicil a éascú.

2.19. Ciallaíonn '*bacainn*' páirteanna fisiceacha nó trasnaíocht sa réimse radhairc lena laghdaítear aireachtáil an tarchuir solais cé is moite de sholas fánach, e.g. frithchaitheamh ón taobh istigh den fheithicil, dallrú sholas na gréine.

2.20. Ciallaíonn '*Cúntóir Réimse Radhairc*' faisnéis amhairc a thaispeántar ar ghaothscáth na feithicle nó ar dhromchla gloinithe eile chun tacú le feasacht an tiománaí.

3. Iarratas ar cheadú

3.1. Is é monaróir na feithicle nó a ionadaí údaraithe a chuirfidh isteach an t-iarratas ar chineálcheadú feithicle maidir le réimse radhairc an tiománaí.

3.2. Beidh trí chóip de na doiciméid a luaitear thíos ag gabháil leis agus beidh na sonraí seo a leanas ann:

3.2.1. Tuairisc ar an gcineál feithicle maidir leis na míreanna a luaitear i mír 2.2. thuas, mar aon le líníochtaí toiseacha agus grianghraf nó scar-amharc den urrann paisinéirí. Sonrófar na huimhreacha agus/nó na siombailí lena sainaithnítear an cineál feithicle; agus

3.2.2. Sonraí na bpríomhmharcanna tagartha atá mionsonraithe a ndóthain le go mbeifear in ann iad a shainaithint go héasca agus suíomh gach mairc acu i ndáil leis na cinn eile agus leis an bpointe tagartha suí a fhíorú.

3.3. Déanfar feithicil atá ionadaíoch ar an gcineál feithicle atá le ceadú a chur faoi bhráid na Seirbhíse Teicniúla a dhéanann na tástálacha ceadaithe.

4. Ceadú

4.1. An cineál feithicle a chuirtear isteach lena cheadú de bhun an Rialacháin seo, má chomhlíonann sé ceanglais mhír 5 thíos, deonófar ceadú le haghaidh na feithicle sin.

4.2. Sannfar uimhir cheadaithe do gach cineál a cheadaítear. Léireoidh a chéad dá dhigit (01 faoi láthair le haghaidh an Rialacháin san fhoirm ina bhfuil sé faoi láthair) an tsraith leasuithe ina n-ionchorpraítear na mórleasuithe teicniúla is déanaí a rinneadh ar an Rialachán tráth eisiúna an cheadaithe. Ní shannfaidh an Páirtí Conarthach céanna an uimhir chéanna don chineál feithicle céanna atá feistithe le cineál eile réimse radhairc, ná do chineál feithicle eile.

4.3. Déanfar fógra maidir le ceadú nó maidir le ceadú a dhiúltú nó a tharraingt siar de bhun an Rialacháin seo a chur in iúl do na Páirtithe sa Chomhaontú a chuireann an Rialachán seo i bhfeidhm trí bhíthin foirm atá i gcomhréir leis an múnla in Iarscríbhinn 1 agus trí ghrianghraif agus/nó pleananna a sholáthróidh an t-iarratasóir a bheith i bhformáid nach mó ná A4 (210 x 297 mm), nó fillte de réir na formáide sin, agus ar scála iomchuí.

4.4. Gach feithicil atá i gcomhréir le cineál feithicle a cheadaítear faoin Rialachán seo, greamófar marc ceadaithe idirnáisiúnta di a bheidh i gcomhréir leis an múnla ar a dtugtar tuairisc in Iarscríbhinn 2 a ghabhann leis an Rialachán seo, in áit fheiceálach a mbeidh rochtain éasca air agus a shonrófar ar an bhfoirm ceadaithe, agus beidh an marc sin comhdhéanta de na nithe seo a leanas:

4.4.1. Ciorcal timpeall ar an litir 'E' agus, taobh leis an litir sin, sainuimhir na tíre a dheonaigh an ceadú ([3]);

4.4.2. Uimhir an Rialacháin seo, agus ina dhiaidh sin, an litir 'R', dais, agus an uimhir cheadaithe ar thaobh na láimhe deise den chiorcal a fhorordaítear i mír 4.4.1. thuas.

4.5. Má tá an fheithicil i gcomhréir, sa tír a dheonaigh ceadú faoin Rialachán seo, le cineál feithicle a ceadaíodh faoi cheann amháin nó níos mó de na Rialacháin eile atá i gceangal leis an gComhaontú, ní gá an tsiombail a fhorordaítear i mír 4.4.1. thuas a chur ann arís; i gcás den sórt sin, cuirfear an Rialachán agus na huimhreacha ceadaithe agus na siombailí breise i gcolúin ingearacha ar thaobh na láimhe deise den tsiombail a fhorordaítear i mír 4.4.1. thuas.

4.6. Beidh an marc ceadaithe soléite agus doscriosta.

4.7. Cuirfear an marc ceadaithe ar phláta sonraí na feithicle nó gar dó.

5. Sonraíochtaí

5.1. Réimse radhairc an tiománaí.

5.1.1. Áireofar i limistéar trédhearcach an ghaothscátha na pointí tagra gaothscátha ar a laghad (féach Iarscríbhinn 4, Foscríbhinn, Fíor 1):

([3]) Atáirgtear sainuimhreacha na bPáirtithe Conarthacha i gComhaontú 1958 in Iarscríbhinn 3 a ghabhann leis an Rún Comhdhlúite maidir le Déanamh Feithiclí (R.E.3), doiciméad ECE/TRANS/WP.29/78/Rev.6/Amend.3 - https://unece.org/transport/standards/transport/vehicle-regulations-wp29/resolutions.

5.1.1.1. Pointe tagra cothrománach chun tosaigh ar V_1 agus 17° ar chlé (féach Iarscríbhinn 4, Foscríbhinn, Fíor 1);

5.1.1.2. Pointe tagra ingearach uachtarach chun tosaigh ar V_1 agus 7° os cionn an chothromáin;

5.1.1.3. Pointe tagra ingearach íochtarach chun tosaigh ar V_2 agus 5° faoi bhun an chothromáin;

5.1.1.4. Chun a fhíorú go gcomhlíontar an ceanglas maidir le radharc chun tosaigh ar an leath eile den ghaothscáth, faightear trí phointe tagra bhreise, atá siméadrach leis na pointí a shainmhínítear i míreanna 5.1.1.1. go 5.1.1.3. thuas i ndáil le fadphlána meánach na feithicle.

5.1.2. Ní rachaidh an uillinn bhacainne do gach A-philéar, mar a dtugtar tuairisc uirthi i mír 5.1.2.1. thíos, thar 6° (féach Iarscríbhinn 4, Foscríbhinn, Fíor 3). I gcás feithiclí armúrtha ní rachaidh an uillinn sin thar 10°.

Ní gá uillinn bhacainne an A-philéir ar thaobh an phaisinéara, mar a shainmhínítear i mír 5.1.2.1.2. thíos, a chinneadh má tá an dá philéar suite go siméadrach i ndáil le fadphlána ingearach meánach na feithicle.

5.1.2.1. Déanfar an uillinn bhacainne de gach A-philéar a thomhas tríd an dá chuid chothrománacha seo a leanas a fhorshuí i bplána:

Roinn 1: Ag tosú ó phointe Pm atá suite ag an suíomh a shainmhínítear i mír 5.3.1.1. thíos, tarraing plána atá ina uillinn 2° suas i ndáil leis an bplána cothrománach atá ag dul ar aghaidh trí Pm. Cinn an chuid chothrománach den A-philéar ag tosú ón bpointe is faide chun tosaigh de thrasnú an 'A'-philéir agus an phlána chlaonta (féach Iarscríbhinn 4, Foscríbhinn, Fíor 2).

Roinn 2: Déan an nós imeachta céanna arís, agus plána á laghdú ag uillinn 5° síos i ndáil leis an bplána cothrománach a théann ar aghaidh trí Pm (féach Iarscríbhinn 4, Foscríbhinn, Fíor 2).

5.1.2.1.1. Is éard atá in uillinn bhacainne an A-philéir ar thaobh an tiománaí an uillinn a chruthaítear ar amharc an phlána le comhthreomhar, ag tosú ó E_2, go dtí an tadhlaí a cheanglaíonn E_1 le himeall seachtrach roinn S_2 agus an tadhlaí a cheanglaíonn E_2 le himeall inmheánach roinn S_1 (féach Iarscríbhinn 4, Foscríbhinn, Fíor 3).

5.1.2.1.2. Is éard atá in uillinn bhacainne an A-philéir ar thaobh an phaisinéara an uillinn a chruthaítear ar amharc an phlána le tadhlaí, ag tosú ó E_3, go dtí imeall inmheánach roinn S_1 agus comhthreomhar, ag tosú ó E_3, go dtí an tadhlaí a cheanglaíonn E_4 le himeall seachtrach roinn S_2 (féach Iarscríbhinn 4, Foscríbhinn, Fíor 3).

5.1.2.2. Ní bheidh níos mó ná dhá A-philéar ag aon fheithicil.

5.1.3 Seachas mar a fhoráiltear i mír 5.1.3.3., 5.1.3.4. nó 5.1.3.5 thíos, cé is moite na bacainní a chruthaítear le A-philéir, na barraí gaothaire sheasta nó shochorraithe nó barraí roinne taobhfhuinneoige, aeróga raidió lasmuigh, gairis amhairc neamhdhírigh, lena gcumhdaítear réimse éigeantach an amhairc neamhdhírigh, agus cuimilteoirí gaothscátha, ní bheidh aon bhacainn i réimse radhairc díreach chun tosaigh 180° an tiománaí faoi phlána cothrománach a théann trí V_1, agus os cionn trí phlána trí V2, ceann amháin ingearach leis an bplána X-Z agus ag dul ar aghaidh 4° faoi bhun an phlána chothrománaigh, agus an dá cheann eile ingearach leis an bplána Y-Z agus ag laghdú 4° faoi bhun an phlána chothrománaigh (féach Iarscríbhinn 4, Foscríbhinn, Fíor 4).

Ní mheastar gur bacainní ar an réimse radhairc iad na nithe seo a leanas:

(a) Seoltóirí 'aeróige raidió' leabaithe nó priontáilte, nach bhfuil níos leithne ná an méid seo a leanas:

(i) Seoltóirí leabaithe: 0,5 mm,

(ii) Seoltóirí priontáilte: 1,0 mm. Ní thrasnóidh na seoltóirí 'aeróige raidió' sin crios A. Mar sin féin, féadfaidh trí sheoltóir 'aeróige raidió' crios A a thrasnú mura sáraíonn a leithead 0,5 mm.

(b) Laistigh de chrios A atá suite ‘dí-reoite/dínéalaithe gaothscátha’ i bhfoirm ‘fiarláin’ nó i bhfoirm chuasóideach de ghnáth, agus ag a bhfuil na toisí seo a leanas:

(i) Leithead uasta infheicthe: 0,030 mm,

(ii) Dlús seoltóra uasta:

a. Má tá na seoltóirí ingearach: 8/cm,

b. Má tá na seoltóirí cothrománach: 5/cm.

5.1.3.1. I gcás gléasanna ceamara is monatóra, tá feidhm ag na díolúintí i mír 5.1.3. maidir le ceamaraí lena n-áirítear a ngabhdáin agus a bhfeirthe atá feistithe ar thaobh amuigh na feithicle. Beidh an díolúine chéanna ag an gcóras ceamara is monatóra a chuirtear in ionad scáthán chúlfhéachana Aicme I.

5.1.3.2. I gcás feithiclí, atá feistithe go caighdeánach le scáthán chúlfhéachana cheadaithe a gcuirtear gléasanna ceamara is monatóra ina n-ionad go roghnach, beidh feidhm ag na díolúintí i mír 5.1.3. maidir le monatóirí freisin, ar choinníoll ([4]):

(a) Nach sáraíonn an bhacainn a chuireann siad ar an amharc díreach leibhéal bacainne an scáthán chúlfhéachana sheachtraigh chomhfhreagraigh lena n-áirítear a fheireadh agus a ghabhdán, agus;

(b) Go bhfuil suíomh an mhonatóra chomh gar agus is féidir do shuíomh an scáthán chúlfhéachana a bhfuil sé á chur ina ionad.

5.1.3.3. Glacfar le bacainn a chruthaíonn an t-imeall roth stiúrtha agus an painéal ionstraime taobh istigh den roth stiúrtha má laghdaítear plána trí V_2, ingearach leis an bplána x – z agus tadhlaíoch go dtí an chuid is airde den imeall roth stiúrtha, 1° ar a laghad faoi bhun an chothromáin.

Cuirfear an roth stiúrtha, má tá sé inchoigeartaithe, sa ghnáthshuíomh a shonraíonn an monaróir nó, ina éagmais sin, leath bealaigh idir teorainneacha a raoin/raonta coigeartaithe.

5.1.3.4. Glacfar le bacainn idir plána trí V2, agus laghdaithe 1° ar a laghad faoi bhun an phlána chothrománaigh agus plána trí V_2 agus laghdaithe 4° faoi bhun an chothromáin mura sáraíonn teilgean cónúil na bacainne sin, ag tosú ó V2, ar limistéar ‘S’ mar a shainmhínítear i mír 5.1.3.4.1. thíos, 20 faoin gcéad den limistéar sin. Maidir le cúntóir réimse radhairc, más infheidhme, breithneofar bacainní a d’fhéadfadh a bheith ann i limistéar ‘S’ ó phicteilíní teimhneacha mar a shainmhínítear i mír 2.19. de Rialachán Uimh. 176, sraith leasuithe 00, ó na Náisiúin Aontaithe.

5.1.3.4.1. Is limistéar ingearach dronuilleogach é an limistéar ‘S’ (féach Iarscríbhinn 4, Foscríbhinn, Fíor 7) atá suite i bplána atá ingearach le comhordanáid X 1 500 mm chun tosaigh ó phointe V_2. Sainmhínítear imeall uachtair an limistéir ‘S’ le plána a théann trí V_2 atá laghdaithe chun tosaigh 1° faoi bhun an chothromáin. Sainmhínítear imeall íochtair an limistéir ‘S’ le plána a théann trí V_2 atá laghdaithe chun tosaigh 4° faoi bhun an chothromáin. Tá imill chlé agus dheasa an limistéir ‘S’ ingearach agus gintear iad ó línte trasnaithe na dtrí phlána atá laghdaithe 4° mar a shainmhínítear i mír 5.1.3. thuas.

5.1.3.4.2. I gcás gaothscátha a shíneann thar 1 500 mm chun tosaigh ar phointe V_2, féadfar an t-achar idir an limistéar ‘S’ agus pointe V_2 a shíneadh dá réir.

5.1.3.5. Féadfar an réimse trédhearcach radhairc mar a shainmhínítear i mír 5.1.1. a fhorleagan le faisnéis ó Chúntóir Réimse Radhairc a chomhlíonann ceanglais Rialachán Uimh. 176 ó na Náisiúin Aontaithe.


([4]) Féach tuarascáil ECE/TRANS/WP.29/GRSG/88, mír 46 maidir le tréimhse chur i bhfeidhm na míre seo.

5.1.4. I gcás inar mó airde V_2 os cionn na talún ná 1 650 mm, comhlíonfar an ceanglas seo a leanas:


Réad sorcóireach 1 200 mm ar airde ag a bhfuil trastomhas 300 mm atá suite laistigh den spás a theorannaítear le plána ingearach atá suite 2 000 mm os comhair na feithicle, plána ingearach atá suite 2 300 mm os comhair na feithicle, plána ingearach atá suite 400 mm ó thaobh an tiománaí den fheithicil, agus plána ingearach atá suite 600 mm ón taobh eile den fheithicil, beidh sé infheicthe go páirteach ar a laghad nuair a bhreathnaítear air go díreach ó V_2 (féach Fíor 1), beag beann ar an áit a bhfuil an réad laistigh den spás sin, mura bhfuil sé dofheicthe mar gheall ar chaochspota nó caochspotaí a chruthaíonn na A-philéir, na cuimilteoirí gaothscátha, nó an roth stiúrtha.

Má tá suíochán an tiománaí suite i suíomh tiomána lárnach na feithicle, beidh an réad sorcóireach 1 200 mm ar airde suite laistigh den spás a theorannaítear le plána ingearach atá suite 2 000 mm os comhair na feithicle, plána ingearach atá suite 2 300 mm os comhair na feithicle, plána ingearach atá suite 500 mm ó thaobh na feithicle (féach Fíor 2).

Fíor 1



Fíor 2



5.2. Suíomh na bpointí V

5.2.1. Tá suíomh na bpointí V i ndáil leis an bpointe tagartha suí, mar a léirítear le comhordanáidí XYZ ón eangach thagartha thríthoiseach, tá an suíomh sin mar a léirítear i dTáblaí I agus IV.

5.2.2. Léirítear i dTábla I na comhordanáidí bunúsacha le haghaidh dhearadh uillinn chúl an tsuíocháin de 25°. Léirítear an treo dearfach le haghaidh na gcomhordanáidí in Iarscríbhinn 4, Foscríbhinn, Fíor 1.

Tábla I

Pointe V	X	Y	Z
V_1	68 mm	- 5 mm	665 mm
V_2	68 mm	- 5 mm	589 mm

5.3. Suíomh na bpointí P

5.3.1. Tá suíomh na bpointí P i ndáil leis an bpointe tagartha suí, mar a léirítear leis na comhordanáidí XYZ ón eangach thagartha thríthoiseach, tá an suíomh sin mar a léirítear i dTáblaí II, III agus IV.

5.3.1.1. Leagtar amach i dTábla II na bunchomhordanáidí le haghaidh dhearadh uillinn chúl an tsuíocháin de 25°. Leagtar amach treo dearfach na gcomhordanáidí in Iarscríbhinn 4, Foscríbhinn, Fíor 1.

Is é an pointe Pm an pointe trasnaithe idir an líne dhíreach a cheanglaíonn P_1, P_2 agus an fadphlána ingearach a théann tríd an bpointe tagartha suí.

Tábla II

Pointe P	X	Y	Z
P_1	35 mm	- 20 mm	627 mm
P_2	63 mm	47 mm	627 mm
Pm	43,36 mm	0 mm	627 mm

5.3.1.2. Léirítear i dTábla III na ceartúcháin bhreise atá le déanamh ar chomhordanáidí X P_1 agus P_2 nuair is mó ná 108 mm an raon cothrománach coigeartaithe suíocháin mar a shainmhínítear i mír 2.16. thuas. Léirítear an treo dearfach le haghaidh na gcomhordanáidí in Iarscríbhinn 4, Foscríbhinn, Fíor 1.

Tábla III

Raon cothrománach coigeartaithe suíocháin	Δx
108 go 120 mm	- 13 mm
121 go 132 mm	- 22 mm
133 go 145 mm	- 32 mm
146 go 158 mm	- 42 mm
níos mó ná 158 mm	- 48 mm

5.4. Ceartúchán maidir le dearadh uillinneacha chúl an tsuíocháin seachas uillinneacha 25°

Léirítear i dTábla IV na ceartúcháin bhreise atá le déanamh ar chomhordanáidí X agus Z gach pointe P agus gach pointe V nuair nach é 25° dearadh uillinn chúl an tsuíocháin. Léirítear an treo dearfach le haghaidh na gcomhordanáidí in Iarscríbhinn 4, Foscríbhinn, Fíor 1.

Tábla IV

Uillinn cúil suíocháin(in °)	Comhordanáidí cothrománacha Δx	Comhordanáidí ingearacha Δz	Uillinn cúil suíocháin (in °)	Comhordanáidí cothrománacha Δx	Comhordanáidí ingearacha Δz
5	- 186 mm	28 mm	23	- 18 mm	5 mm
6	- 177 mm	27 mm	24	- 9 mm	3 mm
7	- 167 mm	27 mm	25	0 mm	0 mm
8	- 157 mm	27 mm	26	9 mm	- 3 mm
9	- 147 mm	26 mm	27	17 mm	- 5 mm
10	- 137 mm	25 mm	28	26 mm	- 8 mm
11	- 128 mm	24 mm	29	34 mm	- 11 mm
12	- 118 mm	23 mm	30	43 mm	- 14 mm
13	- 109 mm	22 mm	31	51 mm	- 18 mm
14	- 99 mm	21 mm	32	59 mm	- 21 mm
15	- 90 mm	20 mm	33	67 mm	- 24 mm

Uillinn cúil suíocháin(in °)	Comhordanáidí cothrománacha Δx	Comhordanáidí ingearacha Δz	Uillinn cúil suíocháin (in °)	Comhordanáidí cothrománacha Δx	Comhordanáidí ingearacha Δz
16	- 81 mm	18 mm	34	76 mm	- 28 mm
17	- 72 mm	17 mm	35	84 mm	- 32 mm
18	- 62 mm	15 mm	36	92 mm	- 35 mm
19	- 53 mm	13 mm	37	100 mm	- 39 mm
20	- 44 mm	11 mm	38	108 mm	- 43 mm
21	- 35 mm	9 mm	39	115 mm	- 48 mm
22	- 26 mm	7 mm	40	123 mm	- 52 mm

5.5. Suíomh na bpointí E

5.5.1. Tá pointí E_1 agus E_2 araon 104 mm ó P_1.

Tá E_2 65 mm ó E_1 (féach Iarscríbhinn 4, Foscríbhinn, Fíor 4).

5.5.2. Déantar an líne dhíreach a cheanglaíonn E_1 agus E_2 a rothlú thart ar P_1 go dtí go mbíonn an tadhlaí a cheanglaíonn E_1 le himeall seachtrach Roinn 2 den A-philéar ar thaobh an tiománaí normalach don líne dhíreach $E_1 – E_2$ (féach Iarscríbhinn 4, Foscríbhinn, Fíor 3).

5.5.3. Tá pointí E_3 agus E_4 araon 104 mm ó P_2. Tá E_3 65 mm ó E_4 (féach Iarscríbhinn 4, Foscríbhinn, Fíor 4).

5.5.4. Déantar an líne dhíreach a cheanglaíonn E_3 - E_4 a rothlú thart ar P_2 go dtí go bhfuil an tadhlaí a cheanglaíonn E_4 le himeall seachtrach Roinn 2 den A-philéar ar thaobh an tiománaí normalach don líne dhíreach $E_3 – E_4$ (féach Iarscríbhinn 4, Foscríbhinn, Fíor 3).

6. Nós imeachta tástála

6.1. Réimse radhairc an tiománaí

6.1.1. Cinnfear na gaolmhaireachtaí toiseacha idir príomhmharcanna tagartha na feithicle agus an eangach thagartha thríthoiseach leis an nós imeachta a fhorordaítear in Iarscríbhinn 4.

6.1.2. Cinntear suíomh phointí V_1 agus V_2 i ndáil leis an bpointe tagartha suí mar a léirítear le comhordanáidí XYZ na heangaí tagartha tríthoiseacha agus léirítear iad i dTábla I faoi mhír 5.2.2. thuas agus i dTábla IV faoi mhír 5.4. thuas. Gheofar na pointí tagra gaothscátha ansin ó na pointí V ceartaithe mar a fhorordaítear i mír 5.1.1. thuas.

6.1.3. Cinnfear an ghaolmhaireacht idir na pointí P, an pointe tagartha suí, agus lárlíne ionad suí an tiománaí, mar a léirítear le comhordanáidí XYZ ón eangach thagartha tríthoiseach, ó Tháblaí II agus III i mír 5.3. thuas. Taispeántar an ceartúchán maidir le dearadh uillinneacha chúl an tsuíocháin seachas 25° i dTábla IV faoi mhír 5.4 thuas.

6.1.4. Tomhaisfear an uillinn bhacainne (féach mír 5.1.2. thuas) sna plánaí claonta, mar a léirítear in Iarscríbhinn 4, Foscríbhinn, Fíor 2. Léirítear an gaol idir P_1 agus P_2, atá nasctha le E_1 agus E_2 agus E_3 agus E_4 faoi seach, in Iarscríbhinn 4, Foscríbhinn, Fíor 5.

6.1.4.1. Socrófar líne dhíreach E_1 - E_2 mar a dtugtar tuairisc uirthi i mír 5.5.2. thuas. Déanfar uillinn bhacainne an A-philéir ar thaobh an tiománaí a thomhas mar a shonraítear i mír 5.1.2.1.1. thuas.

6.1.4.2. Socrófar líne dhíreach E_3 - E_4 mar a dtugtar tuairisc uirthi i mír 5.5.4. thuas. Déanfar uillinn bhacainne an A-philéir ar thaobh an phaisinéara a thomhas mar a shonraítear i mír 5.1.2.1.2. thuas.

6.1.5. Féadfaidh an monaróir an uillinn bhacainne a thomhas ar an bhfeithicil nó sna líníochtaí. I gcás amhrais, féadfaidh na Seirbhísí Teicniúla a éileamh go ndéanfar na tástálacha ar an bhfeithicil.

6.2.1 Cuirfear an roth stiúrtha, má tá sé inchoigeartaithe, sa ghnáthshuíomh a shonraíonn an monaróir nó, ina éagmais sin, leath bealaigh idir teorainneacha a raoin/raonta coigeartaithe

6.2.2. I gcás ina bhfuil suíomh an chúntóra réimse radhairc inchoigeartaithe, cuirfear an cúntóir réimse radhairc sa ghnáthshuíomh a shonraíonn an monaróir nó, ina éagmais sin, leath bealaigh idir teorainneacha raon an choigeartaithe.

7. An cineál feithicle a mhodhnú agus síneadh a chur leis an gceadú

7.1. Tabharfar fógra faoi gach modhnú ar an gcineál feithicle mar a shainmhínítear i mír 2.2. thuas don Údarás Cineálcheadaithe a cheadaigh an cineál feithicle. Ina dhiaidh sin, féadfaidh an tÚdarás Cineálcheadaithe ceann díobh seo a leanas a dhéanamh:

7.1.1. A mheas nach bhfuil éifeacht dhíobhálach ag na modhnuithe a rinneadh ar na coinníollacha a bhaineann leis an gceadú a dheonú agus síneadh leis an gceadú a dheonú;

7.1.2. A mheas go ndéanann na modhnuithe a rinneadh difear do na coinníollacha a bhaineann leis an gceadú a dheonú agus go bhfuil gá le tuilleadh tástálacha nó seiceálacha breise sula ndeonófar síneadh leis an gceadú.

7.2. Cuirfear dearbhú nó diúltú ceadaithe, lena sonrófar na hathruithe, in iúl tríd an nós imeachta a shonraítear i mír 4.3. thuas do na Páirtithe Conarthacha sa Chomhaontú a chuireann an Rialachán seo i bhfeidhm.

7.3. Cuirfidh an tÚdarás Cineálcheadaithe na Páirtithe Conarthacha eile ar an eolas faoin síneadh trí bhíthin na foirme cumarsáide atá in Iarscríbhinn 2 a ghabhann leis an Rialachán seo. Sannfaidh sé sraithuimhir le haghaidh gach sínidh, ar a dtabharfar an uimhir shínidh.

8. Comhréireacht táirgeachta

8.1. Beidh nósanna imeachta a bhaineann le comhréireacht táirgeachta i gcomhréir leis na forálacha ginearálta a shainmhínítear i bhFoscríbhinn 2 a ghabhann leis an gComhaontú (E/ECE/324-E/ECE/TRANS/505/Rev.2) agus comhlíonfaidh siad na ceanglais seo a leanas:

8.2. Déanfar feithicil arna ceadú de bhun an Rialacháin seo a mhonarú sa chaoi go mbeidh sí i gcomhréir leis an gcineál a ceadaíodh trí cheanglais mhír 5 thuas a chomhlíonadh;

8.3. Féadfaidh an tÚdarás Cineálcheadaithe a dheonaigh ceadú comhréireacht na modhanna rialaithe is infheidhme maidir le gach aonad táirgthe a fhíorú tráth ar bith. Uair amháin gach 2 bhliain a bheidh i ngnáthmhinicíocht na gcigireachtaí sin.

9. Pionóis mar gheall ar neamh-chomhréireacht táirgeachta

9.1. Féadfar an ceadú a deonaíodh maidir le cineál feithicle de bhun an Rialacháin seo a tharraingt siar mura gcomhlíontar na ceanglais a leagtar síos i mír 8 thuas.

9.2. Má dhéanann Páirtí Conarthach ceadú a dheonaigh sé roimhe sin a tharraingt siar, tabharfaidh sé fógra láithreach faoi sin do na Páirtithe Conarthacha eile a chuireann an Rialachán seo i bhfeidhm trí fhoirm fógra a sheoladh chucu a bheidh i gcomhréir leis an tsamhail in Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an Rialachán seo.

10. Scor cinntitheach den táirgeadh

Má scoireann sealbhóir an cheadaithe go hiomlán de bheith ag monarú cineál feithicle a cheadaítear i gcomhréir leis an Rialachán seo, cuirfidh sé an méid sin in iúl don Údarás Cineálcheadaithe a dheonaigh an ceadú, agus cuirfidh an tÚdarás sin na Páirtithe Conarthacha eile sa Chomhaontú a chuireann an Rialachán seo i bhfeidhm ar an eolas láithreach trí bhíthin foirm fógra a bheidh i gcomhréir leis an tsamhail in Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an Rialachán seo.

11. Ainmneacha agus seoltaí na Seirbhísí Teicniúla atá freagrach as tástálacha ceadaithe a dhéanamh agus ainmneacha agus seoltaí na nÚdarás Cineálcheadaithe

Na Páirtithe Conarthacha sa Chomhaontú a chuireann an Rialachán seo i bhfeidhm, cuirfidh siad in iúl do Rúnaíocht na Náisiún Aontaithe ainmneacha agus seoltaí na Seirbhísí Teicniúla atá freagrach as tástálacha ceadaithe a dhéanamh, mar aon le hainmneacha agus seoltaí na nÚdarás Cineálcheadaithe a dheonaíonn ceadú, údaráis ar chucu atá foirmeacha le cur lena ndearbhaítear ceadú nó síneadh, nó lena ndiúltaítear nó lena dtarraingítear siar ceadú.

12. Forálacha idirthréimhseacha

12.1. Amhail ón dáta oifigiúil a thiocfaidh sraith leasuithe 01 i bhfeidhm, na Páirtithe Conarthacha uile a chuireann an Rialachán seo i bhfeidhm, ní dhiúltóidh siad ceadú a dheonú faoin Rialachán seo arna leasú le sraith leasuithe 01.

12.2. Amhail ó 24 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm shraith leasuithe 01 ar an Rialachán seo, na Páirtithe Conarthacha a chuireann an Rialachán seo i bhfeidhm, ní dheonóidh siad ceaduithe ach amháin má chomhlíonann an cineál feithicle atá le ceadú ceanglais an Rialacháin seo arna leasú le sraith leasuithe 01.

12.3. Páirtithe Conarthacha a chuireann an Rialachán seo i bhfeidhm, ní dhiúltóidh siad síntí a dheonú i gcás ceaduithe le haghaidh cineálacha atá ann cheana agus ar deonaíodh iad de réir bhunleagan an Rialacháin seo.

12.4. Fiú amháin tar éis theacht i bhfeidhm shraith leasuithe 01 ar an Rialachán seo, beidh cineálcheaduithe na bhfeithiclí faoi bhunleagan den Rialachán seo fós bailí. Na Páirtithe Conarthacha a chuireann an Rialachán seo i bhfeidhm, leanfaidh siad de ghlacadh leo.

12.5. D'ainneoin na bhforálacha idirthréimhseacha thuas, níl sé d'oibleagáid ar Pháirtithe Conarthacha a dtiocfaidh a gcur i bhfeidhm den Rialachán seo i bhfeidhm i ndiaidh dháta theacht i bhfeidhm shraith leasuithe 01 glacadh le ceaduithe a deonaíodh i gcomhréir le bunleagan an Rialacháin seo.

12.6. Amhail ón dáta oifigiúil a thiocfaidh sraith leasuithe 02 i bhfeidhm, na Páirtithe Conarthacha uile a chuireann an Rialachán seo i bhfeidhm, ní dhiúltóidh siad cineálcheaduithe a dheonú ná glacadh leo faoin Rialachán seo arna leasú le sraith leasuithe 02.

12.7. Amhail ón 1 Meán Fómhair 2023, i gcás Páirtithe Conarthacha a chuireann an Rialachán seo i bhfeidhm, ní bheidh sé d'oibleagáid orthu glacadh le cineálcheaduithe faoin tsraith leasuithe a bhí ann roimhe sin, cineálcheaduithe a eisíodh den chéad uair tar éis an 1 Meán Fómhair 2023.

12.8. Go dtí an 1 Meán Fómhair 2024, glacfaidh Páirtithe Conarthacha a chuireann an Rialachán seo i bhfeidhm le cineálcheaduithe faoin tsraith leasuithe a bhí ann roimhe sin, cineálcheaduithe a eisíodh den chéad uair roimh an 1 Meán Fómhair 2023.

12.9. Amhail ón 1 Meán Fómhair 2024, Páirtithe Conarthacha a chuireann an Rialachán seo i bhfeidhm, ní bheidh sé d'oibleagáid orthu glacadh le cineálcheaduithe a eisíodh faoin tsraith leasuithe a bhí ann roimhe sin ar an Rialachán seo.

12.10. D'ainneoin na bhforálacha idirthréimhseacha thuas, níl sé d'oibleagáid ar Pháirtithe Conarthacha a thosóidh ag cur an Rialacháin seo i bhfeidhm tar éis dháta theacht i bhfeidhm na sraithe leasuithe is déanaí glacadh le cineálcheaduithe a deonaíodh i gcomhréir le haon cheann de na sraitheanna leasuithe a bhí ann roimhe seo ar an Rialachán seo.

12.11. D'ainneoin mhír 12.4, i gcás na bhfeithiclí/na gcóras feithiclí nach ndéanann na hathruithe a tugadh isteach le sraith leasuithe 02 difear dóibh, leanfaidh Páirtithe Conarthacha a chuireann an Rialachán seo i bhfeidhm de ghlacadh le cineálcheaduithe a eisíodh i gcomhréir leis an tsraith leasuithe a bhí ann roimhe sin ar an Rialachán seo.

12.12. Amhail ón dáta oifigiúil a thiocfaidh sraith leasuithe 03 i bhfeidhm, na Páirtithe Conarthacha uile a chuireann an Rialachán seo i bhfeidhm, ní dhiúltóidh siad cineálcheaduithe a dheonú ná glacadh leo faoin Rialachán seo arna leasú le sraith leasuithe 03.

12.13. Amhail ón 1 Meán Fómhair 2026, i gcás Páirtithe Conarthacha a chuireann an Rialachán seo i bhfeidhm, ní bheidh sé d'oibleagáid orthu glacadh le cineálcheaduithe faoin tsraith leasuithe a bhí ann roimhe sin, cineálcheaduithe a eiseofar den chéad uair tar éis an 1 Meán Fómhair 2026.

12.14. Go dtí an 1 Meán Fómhair 2030, glacfaidh Páirtithe Conarthacha a chuireann an Rialachán seo i bhfeidhm le cineálcheaduithe faoin tsraith leasuithe a bhí ann roimhe sin, cineálcheaduithe a eiseofar den chéad uair roimh an 1 Meán Fómhair 2026.

12.15. Amhail ón 1 Meán Fómhair 2030, i gcás Páirtithe Conarthacha a chuireann an Rialachán seo i bhfeidhm, ní bheidh sé d'oibleagáid orthu glacadh le cineálcheaduithe a eisíodh faoin tsraith leasuithe a bhí ann roimhe sin ar an Rialachán seo.

12.16. D'ainneoin mhír 12.13. agus mhír 12.15., leanfaidh Páirtithe Conarthacha a chuireann an Rialachán seo i bhfeidhm de ghlacadh le cineálcheaduithe a eisíodh i gcomhréir leis an tsraith leasuithe ar an Rialachán seo a bhí ann roimhe seo, le haghaidh cineálacha feithiclí nach ndéanann na hathruithe a tugadh isteach le sraith leasuithe 03 difear dóibh (i.e. feithiclí nach bhfuil feistithe le cúntóir réimse radhairc).

12.17. Páirtithe Conarthacha a chuireann an Rialachán seo i bhfeidhm, féadfaidh siad cineálcheaduithe a dheonú de réir aon sraith leasuithe ar an Rialachán seo a bhí ann roimhe sin.

12.18. Páirtithe Conarthacha a chuireann an Rialachán seo i bhfeidhm, leanfaidh siad de shíntí ar cheaduithe atá ann cheana a dheonú d'aon sraith leasuithe a rinneadh roimhe sin ar an Rialachán seo.

IARSCRÍBHINN 1

Cumarsáid

(uasfhormáid: A4 (210 × 297 mm))



arna eisiúint ag: Ainm an údaráis riaracháin:
……
……
……

Maidir leis an méid seo a leanas ([2]):

Ceadú deonaithe

Ceadú sínithe

Ceadú diúltaithe

Ceadú aistarraingthe

Scor cinntitheach den táirgeadh

de chineál feithicle maidir le réimse radhairc chun tosaigh an tiománaí de bhun Rialachán Uimh. 125

Uimhir Cheadaithe …… Uimhir Shínidh ……

1. Trádmharc: ……
2. Cineál agus trádainm(neacha): ……
3. Ainm agus seoladh an mhonaróra: ……
4. Ainm agus seoladh ionadaí an mhonaróra, más infheidhme: ……

   ……
5. Tuairisc ghairid ar an bhfeithicil: ……
6. Sonraí ionas gur féidir pointe tagartha suí an ionaid suí atá ainmnithe le haghaidh an tiománaí a shainaithint i ndáil leis na príomhmharcanna tagartha: ……
7. Sainaithint, áit agus suíomhanna coibhneasta na bpríomhmharcanna tagartha: ……
8. An dáta a cuireadh an fheithicil isteach lena ceadú: ……
9. An tSeirbhís Theicniúil a dhéanann na tástálacha ceadaithe: ……
10. Dáta na tuarascála a d'eisigh an tSeirbhís sin: ……
11. Uimhir na tuarascála a d'eisigh an tSeirbhís sin: ……
12. Déantar ceadú maidir le réimse radhairc an tiománaí a dheonú/a dhiúltú[2]:
13. Áit: ……
14. Dáta: ……
15. Síniú: ……

([1]) Distinguishing number of the country which has granted/extended/refused/withdrawn approval (see approval provisions in the Regulation).


([2]) Scrios an méid nach mbaineann le hábhar.

16. Tá na doiciméid seo a leanas i gceangal leis an teachtaireacht seo, ar a bhfuil an uimhir cheadaithe a léirítear thuas:
……. líníochtaí toiseacha
……. an scar-amharc nó grianghraf den urrann paisinéirí
17. Aon bharúil: …….

IARSCRÍBHINN 2

Leagan amach marcanna ceadaithe

(féach míreanna 4.4 go 4.4.2. den Rialachán seo)



a = 8 mm ar a laghad

Léirítear leis an marc ceadaithe thuas atá greamaithe d'fheithicil gur ceadaíodh an cineál feithicle lena mbaineann sa Bheilg (E 6) maidir le réimse radhairc chun tosaigh an tiománaí de bhun Rialachán Uimh. 125 ó na Náisiúin Aontaithe. Léirítear leis an gcéad dá dhigit den uimhir cheadaithe gur deonaíodh an ceadú i gcomhréir le ceanglais Rialachán Uimh. 125 ó na Náisiúin Aontaithe arna leasú le sraith leasuithe 03.'

IARSCRÍBHINN 3

An nós imeachta chun pointe an chromáin agus uillinn chabhlach iarbhír na n-ionad suí i mótarfheithiclí a chinneadh ([1])

Foscríbhinn 1 – Tuairisc ar phointe an chromáin tríthoiseach gléas (gléas trí thoise phointe an chromáin)[1]

Foscríbhinn 2 – Córas tagartha tríthoiseach[1]

Foscríbhinn 3 – Sonraí tagartha maidir le hionaid suí[1]

([1]) Tugtar tuairisc ar an nós imeachta sin in Aguisín 6 de Rún Frithpháirteach Uimh. 1 (M.R.1) (doiciméad ECE/TRANS/WP.29/1101/Amend.5); féach https://unece.org/transport/vehicle-regulations/wp29/resolutions.

IARSCRÍBHINN 4

An modh chun na gaolmhaireachtaí toiseacha idir príomhmharcanna tagartha na feithicle agus an eangach thagartha thríthoiseach a chinneadh

1. An ghaolmhaireacht idir an eangach thagartha agus príomhmharcanna tagartha na feithicle

   Chun toisí sonracha ar fheithicil nó laistigh di a fhíorú, ar feithicil í a chuirtear isteach lena ceadú i gcomhréir leis an Rialachán seo, déanfar an ghaolmhaireacht idir comhordanáidí na heangaí tagartha tríthoiseaí, a shainmhínítear i mír 2.3. den Rialachán seo, a leagadh amach ag céim thosaigh dhearadh na feithicle, agus suíomhanna na bpríomhmharcanna tagartha, a shainmhínítear i mír 2.4. den Rialachán seo, a bhunú go cruinn ionas gur féidir pointí sonracha ar líníochtaí mhonaróir na feithicle a shainaithint ar fheithicil iarbhír a tháirgtear bunaithe ar na líníochtaí sin.

2. An modh lena mbunaítear an ghaolmhaireacht idir eangach thagartha agus marcanna tagartha

   Chun na críche sin, tógfar plána tagartha talún atá marcáilte le tomhas X-X agus tomhas Y-Y. Leagtar amach an modh chun é sin a bhaint amach i bhFíor 6 den Fhoscríbhinn a ghabhann leis an iarscríbhinn seo, agus an plána tagartha ina dhromchla crua cothrom ar a bhfuil an fheithicil suite, agus a bhfuil dhá scála tomhais greamaithe go daingean dá dhromchla; grádófar iad sin i milliméadair, ní bheidh an scála X-X níos lú ná ocht méadar ar fhad agus ní bheidh an scála Y-Y níos lú ná ceithre mhéadar ar fhad. Socrófar an dá scála ag dronuillinn lena chéile mar a thaispeántar i bhFíor 6 den Fhoscríbhinn a ghabhann leis an iarscríbhinn seo. Is é an áit a dtrasnaíonn na scálaí sin an talamh nialais.

3. Scrúdú ar an bplána tagartha

   Chun foráil a dhéanamh maidir le mionathruithe ar leibhéal an phlána tagartha nó an limistéir tástála, beidh sé riachtanach na dialltaí ó thalamh nialais feadh scálaí X agus Y araon a thomhas ag eatraimh 250 mm agus na léamha a fhaightear a thaifeadadh ionas gur féidir ceartúcháin a dhéanamh agus an fheithicil á seiceáil.

4. Tástáil iarbhír na staidiúire

   Chun foráil a dhéanamh maidir le mionathruithe ar airde crochta, etc., beidh sé riachtanach modh a bheith ar fáil chun na marcanna tagartha a thabhairt chuig na suíomhanna comhordanáideacha cearta i gcoibhneas leis an staidiúir dheartha sula ndéanfar tuilleadh tomhas. Ina theannta sin, beifear in ann mionchoigeartuithe cliathánacha agus/nó fadchoigeartuithe a dhéanamh ar shuíomh na feithicle chun é a chur go cruinn i ndáil leis an eangach thagartha.

5. Torthaí


   Tar éis an fheithicil a chur i gceart i gcoibhneas leis an eangach thagartha agus ina staidiúir dheartha, is féidir suíomh na bpointí is gá chun staidéar a dhéanamh ar na riachtanais infheictheachta chun tosaigh a chinneadh go héasca.

   Féadfar a áireamh ar na modhanna tástála chun na ceanglais sin a chinneadh úsáid teodailítí, foinsí solais nó scáthghairis, nó aon mhodh eile, ar féidir a thaispeáint go dtugann sé torthaí coibhéiseacha.

Iarscríbhinn 4 – Foscríbhinn

Fíor 1

Pointí V a chinneadh




(1) Líne a rianaíonn fadphlána meánach na feithicle.

(2) Líne a rianaíonn an plána ingearach ag dul tríd an bpointe tagartha suí.

(3) Líne a rianaíonn an plána ingearach ag dul trí V_1 agus V_2.


Fíor 2

Pointí breathnóireachta na A-philéar




Fíor 3


Uillinneacha bacainne



Fíor 4


Meastóireacht ar bhacainní i réimse radhairc díreach chun tosaigh an tiománaí 180°






Fíor 5

Léaráid thoiseach ina léirítear suíomhanna coibhneasta pointí E agus pointí P



Fíor 6

Spás oibre cothrom



Fíor 7

Sainmhíniú ar an limistéar ‘S’

(mír 5.1.3.2. den Rialachán seo)

